Technological University Dublin

ARROW@TU Dublin

Books/Book chapters

Social Sciences

2015-6

# Pleanail Curaclam agus Teanga sa Naionra

Maire Mhic Mhathuna

*Technological University Dublin*, maire.mhicmhathuna@tudublin.ie

Jacqui de Siun

*Waterford Childcare Committee*, jdesiun@cccw.ie

Follow this and additional works at: https://arrow.tudublin.ie/aaschsslbk

Part of the Bilingual, Multilingual, and Multicultural Education Commons, and the Early Childhood Education Commons

## Recommended Citation

Mhic Mhathuna, M. & de Siun, Jacqui (2015) Pleanail Curaclam agus Teanga sa Naionra in Lamhleabhar Bainistiochta na Luathbhlianta Lan-Ghaeilge. Editor: Sean O hAdhmaill , Forbairt , Baile Atha Cliath 9.

This Book Chapter is brought to you for free and open access by the Social Sciences at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Books/Book chapters by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact yvonne.desmond@tudublin.ie, arrow.admin@tudublin.ie, brian.widdis@tudublin.ie.

This work is licensed under a Creative Commons Attribution-Noncommercial-Share Alike 3.0 License

# Pleanáil Curaclam agus Teanga sa Naíonra

***Leis an Dr. Máire Mhic Mhathúna & Jacqui de Siún***

| | |
|---|---|
| **Síolta** | Tagraíonn *Caighdeán 1, 2, 3,5, 8, 14: Cearta an Pháiste, Timpeallachtaí, Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, Idirghníomhartha, Pleanáil & Meastóireacht, Féiniúlacht agus Muintearas* do cheisteanna a bhaineann leis an bpleanáil teanga a bhainistiú sa naíonra. |
| **Aistear** | Tagraíonn *Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid & Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* sa lámhleabhar *Prionsabail agus Téamaí* do choincheapanna atá bainte leis an bpleanáil curaclaim agus teanga sa naíonra. |
| **SárShaothar** | Tagraíonn *Cuid 2 & 5: Úsáid na Gaeilge & Clár Oibre* do cheisteanna pleanála curaclaim agus teanga sa naíonra go háirithe. |

**Réamhrá**

Is gá don bhainisteoir cur chuige oiriúnach a aimsiú agus tabhairt faoi go tuisceanach eolasach chun bunaidhmeanna an naíonra, is iad sin forbairt iomlán an linbh agus sealbhú na Gaeilge, a bhaint amach. Is dlúthchuid den chur chuige sin an phleanáil teanga mar a pléadh sa chaibidil roimhe. Éireoidh níos fearr le sealbhú na Gaeilge má bhíonn sé pleanáilte roimh ré, ar bhonn atá céimithe ach atá scaoilte ag an am céanna. Beidh an stiúrthóir in ann an phleanáil a bhunú ar an aithne atá aici ar na leanaí, ar spéiseanna na leanaí, ar a cuid eolas ar na réimsí gníomhaíochtaí atá oiriúnach do leanaí óga agus ar a gcuid tuisceana ar phróiseas sealbhaithe teanga. Tá moltaí faoi bhreathnóireacht san fhoilseachán *Súil, Súil Eile* (Rawdon 2014) chun taifead a dhéanamh ar na leanaí agus iad ag sealbhú na Gaeilge ach sula dtéann muid níos faide is fiú sainmhíniú a thabhairt ar cad is curaclam ann.

**Curaclam a Shainmhíniú**

Dar le Roinn Oideachais an Nua Shéalainn is ionann curaclam agus,

> "Suimiú iomlán an taithí, na ngníomhaíochtaí agus na himeachtaí, bíodh siad díreach nó indíreach a tharlaíonn laistigh de thimpeallacht atá deartha chun forbartha agus foghlama na leanaí a chothú." (1996: 10)

Léirítear in Aistear & i Síolta Caighdeán 7: Curaclam go bhfuil gá le curaclam chun forbairt agus foghlaim iomlánaíoch an leanbh a spreagadh le go mbeidh an leanbh ag fás isteach i bhfoghlaimeoir inniúil féinmhuiníneach. (LFOLÓ 2006: 57 & CNCM 2009a: 6)

Liostálann an taighdeoir Noirín Hayes (2013) trí chur chuige difriúla inúsáidte maidir le curaclam luath-óige a sholáthar:

1. Sa chéad chur chuige leagtar síos clár acadúil ina bhfuil béim ar leith ar chlár an churaclaim agus ar na torthaí atá an cleachtóir ag súil leis.
2. Sa dara chur chuige, leagtar síos clár atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí nó ar mhodh an tsúgartha dírithe ar an bhfoghlaim a tharlaíonn mar thoradh ar na gníomhaíochtaí.
3. Sa tríú chás, leagtar síos curaclaim atá bunaithe ar phrionsabail in ionad a bheith dírithe ar spriocanna nó cuspóirí gearrthéarmacha.

**Creatlaí reachtúla** (CNACL Airteagal 12, Rialachán 5, Síolta & Aistear)

I measc na freagrachtaí a luíonn leis an mbainisteoir ná taifead á dhéanamh ar churaclam an naíonra, ar an bplean bliana agus ar an tslí a chuirtear i bhfeidhm é chun freastal a dhéanamh ar spéiseanna agus riachtanais na leanaí mar aon le cinntiú go bhfuil an cleachtas sa naíonra ag cloí leis an reachtaíocht cuí.

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Airteagal 12) (1992)**

Léiríonn ceann do na ceithre phrionsabail ginearálta nach mór cuimhneamh ar dhearcadh an pháiste agus é a chur san áireamh i ngach rud a bhaineann leis nó léi. (An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí 2010: 2)

**Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), (2006)**

Déanann Rialachán 5 cur síos ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuraclam mar aon le machnamh a dhéanamh ar do chleachtas sa tslí go bhfuil béim air mar phróiseas. Tá ceangail docht agus láidir idir Aistear, Síolta agus Rialachán 5 leis an gcur chuige leanbh lárnach ina bhfaigheann sé/sí tacaíocht mórthimpeall air/uirthi trí na caidrimh ó na daoine fásta (sa naíonra / sa bhaile / sa phobal).




Figiúr 1. Regulation 5: Assessing early childhood services. Early Childhood Ireland (2011: 5)

**Síolta**

Tugann Síolta dúshlán do Stiúrthóirí machnamh a dhéanamh ar chaighdeán na n-eispéireas a chuireann siad ar fáil sa naíonra.

> "Is é an cuspóir atá ann ná go saibhreoidh an plé, an machnamh agus an díospóireacht ar na Prionsabail, na Caighdeáin, na Comhpháirteanna agus na Deiseanna Mhachnaimh, ní hamháin i saol na leanaí, ach i gcleachtas proifisiúnta na ndaoine fásta freisin." (LFOLÓ 2006: 4)

Tagann an fhoireann le chéile trí chomhoibriú, trí chumarsáid agus trí mheas cómhalartach mar thoradh ar an machnamh seo.

**Aistear**

Tá Aistear bunaithe ar 12 phrionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha ina bhfuil an leanbh lárnach i ngach slí. Cruthaíonn na prionsabail seo dúshraith dhaingean chun tacaíocht a thabhairt do na Stiúrthóirí ceithre théama Aistear a chur i bhfeidhm. Tá béim ollmhór ar straitéisí idirghníomhaíochta in Aistear, agus an cothromaíocht idir na leanaí agus an duine fásta i dtaobh stiúradh na ngníomhaíochtaí de. Cabhraíonn na téamaí, na haidhmeanna, na spriocanna foghlama agus na deiseanna foghlama samplacha chun struchtúr a chur leis an gcuraclam do na leanaí ag freastal ar an naíonra chomh maith leis na stiúrthóirí i mbun an curaclam a chothú.

Beidh an phleanáil teanga fite fuaite leis an bpleanáil curaclaim, mar baineann an Ghaeilge, an teanga a labhraítear sa naíonra, leis an réimse iomlán deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil do na leanaí.

Cinnteoidh an bainisteoir go gcuimseoidh curaclaim an naíonra na ceithre mhór-théama atá leagtha síos i gcreatchuraclam *Aistear* (CNCM 2009):

- Folláine agus Leas
- Féiniúlacht agus Muintearas
- Cumarsáid
- Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

**Folláine agus Leas:** Is éard atá i gceist le folláine ná a bheith sona, sláintiúil agus oiriúnaithe go maith don timpeallacht. (CNCM 2009) Baineann sé le gnéithe éagsúla den fhorbairt, forbairt fhisiceach, forbairt chognaíoch agus na mothúcháin ach go háirithe. Déanfar féinmheas na leanaí a fhorbairt tríd an dul chun cinn a dhéanfaidís maidir le sealbhú na Gaeilge.

**Féiniúlacht agus Muintearas:** Is éard atá i gceist le féiniúlacht agus muintearas ná tuiscint ag an leanbh air/uirthi féin mar dhuine fiúntach agus go mbraithfidh sé/sí comhcheangal idir iad féin agus grúpaí ar leith maidir le cultúr, eitneachas, cine, teanga, inscne agus aicme sóisialta de. (CNCM 2009) Tiocfaidh forbairt ar na gnéithe seo tríd an gcaidreamh a bheidh ag na leanaí le daoine fásta éagsúla, tríd an gcaidreamh a bheidh acu le leanaí agus tríd an ngrá, cion agus meas a thaispeántar dóibh. Baineann an Ghaeilge go dlúth le forbairt na féiniúlachta agus an mhuintearais sna leanaí mar Ghaeil agus cinntíonn an bainisteoir go gcuireann an naíonra deiseanna ar fáil dóibh an Ghaeilge a shealbhú nó a shaibhriú agus cultúr na tíre a bhlaiseadh trí na luachanna agus tuiscintí cultúrtha atá sa naíonra agus tríd an cheol, tríd an amhránaíocht agus tríd an scéalaíocht a chuirtear ar fáil dóibh.

**Cumarsáid:** Ciallaíonn sé seo malartú smaoineamh, eolais nó mothúcháin. (CNCM 2009) Tá an-chuid bealaí ann chun cumarsáid a dhéanamh idir bhealaí neamhbhriathartha, bealaí briathartha, bealaí siombalacha agus bealaí eile. Beidh béim faoi leith ar chuid acu seo ag

tréimhsí éagsúla d'fhorbairt an linbh agus ag tréimhsí éagsúla d'fhorbairt teanga. Tá tábhacht thar na bearta ag baint le forbairt teanga don leanbh, forbairt na chéad teanga agus forbairt an dara teanga araon. Cuireann an leanbh é/í féin in iúl go príomha trí theanga, déantar cumarsáid tríthi le daoine eile agus is gléas foghlama den scoth í an teanga chomh maith.

Tá an cumas sa teanga labhartha mar bhunchloch le forbairt na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta a thiocfaidh ar ball. Beidh an Ghaeilge mar chéad teanga ar roinnt leanaí sa Ghaeltacht agus ag teaghlaigh eile ar fud na tíre. Beidh sí á fhorbairt mar chéad teanga ag cuid de na leanaí sa naíonra agus á shealbhú mar dhara teanga ag leanaí eile. Beidh teangacha eile ar eolas ag roinnt leanaí eile, teangacha ón iasacht agus teanga na mbodhar ina measc. Moltar tacaíocht a thabhairt do theanga bhaile na leanaí trí mheas a léiriú uirthi ach ag an am céanna ag cloí le cuir i bhfeidhm an córas luath-thumadh iomlán.

**Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht:** Tá smaoineamh cognaíoch, cumarsáid, scileanna céadfacha-luaileacha agus forbairt fhisiceach i gceist sa téama seo (CNCM 2009). Bíonn an cumas machnaimh agus an tsamhlaíocht in úsáid ag leanaí agus iad ag dul i ngleic leis an tsaol. Cabhraíonn fiosracht an linbh leis an bhfiontraíocht agus leis an gcruthaíocht. Tagann forbairt ar a gcumas, ar a dtuiscint ar shiombail ar nós comharthaí, litreacha agus uimhreacha. Bíonn na leanaí ag forbairt na scileanna seo trí imirt, trí theanga agus trí ealaín. Cabhraíonn sealbhú an dara teanga go mór le tuiscint na leanaí ar chumarsáid agus ar theanga ann féin a fhorbairt.

**Impleachtaí don Phleanáil Teanga**: Caithfear mar bhainisteoir a chinntiú go mbeidh raon leathan eispéiris agus gníomhaíochtaí ar fáil go rialta, a fhreagraíonn do na ceithre mhór-réimse in *Aistear*; folláine agus leas, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid agus taiscéalaíocht agus smaointeoireacht. Cinnteoidh sé seo go mbeidh forbairt iomlán an linbh á cur chun cinn is go mbeidh deis aige an teanga a ghabhann leis na gníomhaíochtaí agus leis an gcumarsáid rialta a chloisteáil, a thuiscint agus á shealbhú.

**Teanga na Bainistíochta:** Beidh an-tábhacht ag baint leis an teanga bhainistíochta a úsáideann an stiúrthóir chun na leanaí a stiúradh mar beidh rialtacht ard ag baint leis. Beidh

an brí shoiléir ón gcomhthéacs. Ní bheidh gá le haistriúchán agus beidh athrá i gceist go minic. Tabharfaidh sé seo deis do na leanaí caint an stiúrthóra a thuiscint agus a shealbhú. Moltar go láidir gnás nó ord faoi leith a bheith ann do na himeachtaí laethúla ar nós teacht isteach ar maidin (beannachtaí), glanadh suas (amhrán) am lóin (bia agus deoch), dul go dtí an leithreas (iarratas) agus dul abhaile (beannachtaí). Breis faoi seo i g*Céimeanna Móra: Lámhleabhar Cleachtais*. (Rawdon 2015)


Sa tslí seo, rachaidh na leanaí i dtaithí ar cad a bheidh á rá ag an stiúrthóir, cad atá le déanamh acu féin, agus cad a bheidh le rá acu. Leaganacha gearra simplí de na frásaí is fearr ag tosach na bliana, ach iad a leathnú de réir mar a bhíonn siad ar eolas ag na leanaí. Tríd an gcaidreamh a bheidh ag an stiúrthóir leis na leanaí agus tríd an gcúram a dhéanfaidh sí/sé leo, tuigfidh na leanaí go bhfuil cion, meas agus grá aici/aige dóibh. Bainfidh iompar an stiúrthóra agus teanga na leanaí leis an gcaidreamh seo, ag éisteacht go cúramach leo, ag súgradh in éineacht leo agus ag úsáid téarmaí mar mo stór, mo chroí, mo mhuirnín agus í ag labhairt leo.

**Pleanáil Curaclaim agus Teanga**

Molann *Aistear* go láidir go n-ullmhóidh gach naíonra agus ionad chúram leanaí plean oibre agus go mbeidh an plean bunaithe ar spéiseanna na leanaí don chuid is mó agus ar chomhpháirtíocht le tuismitheoirí na leanaí (CNCM 2009d). Tá teimpléid do na pleananna seo curtha ar fáil ag Aistear (CNCM 2009a) agus ag Early Childhood Ireland (2013) agus tá na moltaí thíos bunaithe orthu seo ach iad curtha in oiriúint d'aidhmeanna an naíonra.

Tá cúpla leibhéal i gceist maidir le pleanáil curaclam agus teanga sa naíonra:

- Plean na bliana
- Plean don téarma
- Plean gearrthréimhseach



www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas_Luath-Óige_agus_Bunscoile/Oideachas_Luath-Óige/Uirlisi_Usaide/AISTEAR_Curriculum-Planning-Record-sample_gae_1.pdf

Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

**Sampla de Theimpléad Pleanála Gearrthéarmaí Curaclaim**

early childhood ireland

NCCA

Teimpléad **samplach** is ea é seo chun cabhrú leat pleananna gearrthéarmacha a chruthú i leith foghlaim agus forbairt leanaí, arna mbunú ar a suimeanna, ar imeachtaí ceiliúrtha agus ar ócáidí atá ag teacht aníos. Tá i gceist leis an bpleanáil seo ná breathnú ar, éisteacht le, labhairt le agus súgradh le leanaí, agus gníomhaíochtaí agus eispéiris shuimiúla, spraíúla a eagrú in éineacht leo. Anseo thíos, tá sampla den chaoi ar úsáid cleachtóir réamhscoile an teimpléad.

**Grúpa:** Seomra réamhscoile

**Dáta:** 18/4/2013

| Céard iad na rudaí a bhfuil spéis ag na leanaí iontu? Céard iad na rudaí is mian leis na leanaí a dhéanamh agus ar mian leo fáil amach fúthu? Cén chaoi ar féidir linn cabhrú leo?<br>Céard iad na himeachtaí séasúracha agus ceiliúrtha a gcaithfimid pleanáil dóibh?<br>Céard a dhéanfaimid?<br>*(Leideanna: Breathnaigh ar na leanaí agus iad ag súgradh. Éist agus labhair leo. Labhair le tuismitheoirí. Faigh eolas i leabhair, ar láithreáin ghréasáin agus trí chuairteanna. Déan rudaí. Cuir fearais nua leis.)* | Céard iad na hacmhainní is féidir linn a úsáid? Cén chaoi a dtacóimid le forbairt teanga na leanaí?<br>*(Leideanna: ábhair, cuairteoirí, straitéisí idirghníomhaíochta, focail 'speisialta' a bhfuil nasc acu leis an tsuim/leis an ócáid/ leis an imeacht ceiliúrtha)* | Cén chaoi a mbeimid in ann an méid a bhí foghlamtha ag na leanaí a mheas? Cén chaoi a ndéanfaimid é seo a dhoiciméadú agus a chomhroinnt?<br>*(Leid: Féach na póstaeir maidir le téamaí Aistear. Smaoinigh faoi ghrianghraif, faoi thaifid agus scéalta foghlama, faoi líníochtaí agus scríbhinní, faoi dhíospóireachtaí, faoi phunanna, faoi irisí, faoi chruinnithe le tuismitheoirí.)* |
|---|---|---|
| **Siopadóireacht**<br>Thugamar faoi deara go raibh leanaí ag ligean orthu féin siopadóireacht a dhéanamh, mar sin, thosaíomar plé ar an tsiopadóireacht ar líne. Bheartaíomar soláthairtí a fháil dár naíonra ar líne.<br>• Déan liosta de na rudaí a theastaíonn uainn le líníochtaí, srl.<br>• Déan siopadóireacht le haghaidh earraí grósaera ar líne.<br>• Socraigh an seachadadh.<br>• Cuir an seachadadh i gcomparáid leis an ordú agus labhair leis an tiománaí.<br>• Spreag na leanaí chun siopadóireacht ar líne a léiriú dá dtuismitheoirí.<br>**Tá Oíche Shamhna ag druidim linn**<br>Rinneamar plé ar a dtarlaíonn ar Oíche Shamhna. Bheartaíomar cóisir Oíche Shamhna a eagrú agus cuirí a thabhairt dár dtuismitheoirí teacht in éineacht linn.<br>• Déan maisc, hataí agus cábaí.<br>• Léigh scéalta faoi Oíche Shamhna/scéalta sceimhle.<br>• Imir leis na focail nua sna scéalta.<br>• Faigh amach an fáth a ndéantar Oíche Shamhna a cheiliúradh.<br>• Eagraigh cóisir – cuir liosta na n-aíonna le chéile; dear cuirí; ordaigh/ ullmhaigh bia; déan maisiúcháin; déan cluichí a phleanáil; críochnaigh feistis. | **Siopadóireacht**<br>• Ríomhaire glúine, pinn agus páipéar le haghaidh liostaí agus líníochtaí, cárta creidmheasa<br>• Ciseáin agus pacáistí do sheachadtaí<br>• Fáisc-chlár/aonad iniompartha chun síniú le haghaidh seachadtaí<br>• Leabhair scéalta a bhaineann leis an tsiopadóireacht<br>• Focail le húsáid i ndáil leis an tsiopadóireacht, mar shampla, *cárta creidmheasa, veain seachadta, trom, éadrom, earraí grósaera.*<br>**Oíche Shamhna**<br>• Páipéar, cairtchlár, pinn, fabraic, snáthaidí móra agus snáithe, inneall fuála (más infhaighte), stáplóir, bandaí leaisteacha, bia, torthaí<br>• Focail le húsáid i ndáil le carachtair mhaisithe, mar shampla, *cailleach, taibhsí, puimcín, bob nó bia*<br>• Leabhair scéalta a bhaineann le hOíche Shamhna | • Glac grianghraif agus cuir foscríbhinní gairide leo.<br>• Cum scéalta foghlama in éineacht leis na leanaí. Cuir ar taispeáint iad agus roinn leis na tuismitheoirí iad.<br>• Tabhair spreagadh do na leanaí labhairt lena dtuismitheoirí faoina bhfuilimid a dhéanamh.<br>• Déan iad a nascadh le *hAistear*: An tSiopadóireacht – *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, aidhm 1, sprioc foghlama 2; Oíche Shamhna – *Cumarsáid*, cuspóir 1, sprioc foghlama 3. |

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.

www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear

## Plean na Bliana

Tugtar cur síos ar na bealaí a bhainfear amach na príomhaidhmeanna foghlama do na leanaí. Déantar cur síos ar chur chuige an naíonra maidir le(is):

- hoideachas agus le teanga
- an curaclam mar a léirítear é in *Aistear*
- an chaoi a n-eagraítear an timpeallacht/suíomh
- na straitéisí teagaisc agus foghlama, measúnú, pleanáil, agus
- an gcaidreamh le tuismitheoirí mar a léirítear iad i *Síolta*.

Beidh an luath-thumadh iomlán sa Ghaeilge mar dhlúthchuid den phlean seo. Tá cur síos níos doimhne i g*Céimeanna Móra: Lámhleabhar Dea-chleachtais* (Rawdon 2015) ar aidhmeanna an naíonra agus ar an gcur chuige a mholtar sa luath-thumadh iomlán.

Tugtar suimiú orthu anseo mar spreagadh chun plean an bliana a leagadh amach faoi chinnteidil áirithe:

- Príomhaidhmeanna an Naíonra
- An Cur Chuige Oideachasúil
- An Luath-Thumadh Iomlán
- An Curaclam
- Eagrú na Timpeallachta
- Measúnú
- Pleanáil
- Caidreamh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí

**Príomhaidhmeanna an Naíonra:** Forbairt iomlán an linbh trí mhodh an tsúgartha agus deis agus tacaíocht a thabhairt don leanbh óg an Ghaeilge a shealbhú nó a shaibhriú go nádúrtha. (Ó Buachalla 2005). Feictear ar an leanbh mar dhuine óg cumasach a bhaineann lena t(h)eaghlach agus lena p(h)obal.

**An Cur Chuige Oideachasúil:** Modh an tsúgartha an modh a úsáidtear sa naíonra. Próiseas atá sa súgradh, bealach ag leanaí le foghlaim a dhéanamh trí rudaí a thabhairt faoi deara, trína a bheith ag súgradh le leanaí eile agus trí imirt le hábhair éagsúla (CNCM 2009e: 55-62). Trí dhea-chleachtais bainistíochta cinntítear go mbíonn deiseanna súgartha curtha ar fáil le dóthain ama agus spáis leagtha amach sa chlár ama agus trí thacaíocht chuí a chur ar fáil. Beidh roinnt mhaith de shúgradh an linbh féin trí mháthairtheanga an linbh ach tabharfaidh an stiúrthóir faoi deara na hábhair atá spéisiúil do na leanaí agus tabharfaidh sí an foclóir cuí dóibh ag am agus ar bhealach oiriúnach. De réir a chéile beidh níos mó focail agus frásaí Ghaeilge in úsáid ag na leanaí.

***Ábhar machnaimh:** Conas mar bhainisteoir, a chinnteofá go bhféadfadh leanbh nó leanaí le riachtanais bhreise fhoghlama forbairt a dhéanamh sa naíonra?*

**An Luath-Thumadh Iomlán:** Go hiondúil, bíonn an leanbh ag foghlaim trí mheán an dara teanga. Tuigtear an méid a deir sé/sí ina c(h)éad teanga ach freagraítear é/í sa dara teanga

agus tugtar na focail atá uaidh/uaithi di/dó go nádúrtha. Bíonn plean teanga ag an naíonra chun dul chun cinn a chinntiú (Rawdon 2014: 12-19 & 2015). Bíonn béim faoi leith ar ghníomhaíochtaí teanga lárnaithe agus ar rannta agus amhráin. Bíonn rialtacht ard ag baint le caint an stiúrthóra agus le roinnt de na gnásanna agus gníomhaíochta (Hickey 2005).

**An Curaclam:** Tugtar cur síos ar conas a bhainfear amach príomhaidhmeanna *Aistear* agus *Síolta* i gcuraclam an naíonra. Cén saghas idirghníomhartha a bheidh mar mheán chun forbairt na leanaí a chur chun cinn? (LFOLÓ 2006: 41-50) Cad iad na straitéisí a bheidh in úsáid chun caidreamh a thógáil, a éascú, a eagrú agus a stiúradh? (CNCM 2009d & LFOLÓ 2006: 31-36) Conas a bheidh ról lárnach ag na leanaí sa ghné thábhacht seo den obair? (CNCM 2009e: 27-33)

**Eagrú na Timpeallachta:** Déanfar cur síos ar leagan amach an tseomra, ar na háiseanna lasmuigh agus ar an úsáid a bhaintear astu. (LFOLÓ 2006: 19-29)

**Measúnú:** Tugtar cur síos ar chóras breathnóireachta an naíonra agus ar na bealaí eile a bhailítear eolas ar dhul chun cinn na leanaí, mar shampla, líníocht, pictiúir, grianghraif, físeáin, taifead fuaime, nótaí gearra. (CNCM 2009e & Rawdon 2014: 92)

***Ábhar machnaimh:** Cén ról a bheidh ag na leanaí san obair measúnaithe seo?*

**Pleanáil:** Moltar go mbeadh réimse pleanála ar siúl sa naíonra ina measc: plean bliana, plean téarma agus plean gearrthréimhseach.

**Caidreamh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí:** Cén caidreamh a bheidh ann le tuismitheoirí, mar shampla, cruinniú ag tús na bliana, teagmháil laethúil, cuairt ar an naíonra, eolas a roinnt, labhairt mar gheall ar spéiseanna agus dul chun cinn na leanaí. (CNCM 2009d & LFOLÓ: 31-36)

**Plean don Téarma**

Is uirlis an-úsáideach an plean don téarma don bhainisteoir, déantar cur síos inti ar chonas a chuirfear plean bliana i bhfeidhm i ngach téarma. Bainfear úsáid as suíomh an naíonra chun éascú a dhéanamh ar shealbhú ar stór focail agus frásaí i gcomhthéacs oibre an lae do na leanaí, mar shampla, troscán, trealamh agus gnásanna an naíonra. Beidh cur síos ann do thopaicí a d'fhéadfaí a cur i láthair ar nós; mé féin, mo theaghlach, an dúlra, ag aistriú chun na bunscoile, ach tabharfar tús áite do spéiseanna na leanaí de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Beidh an dul chun cinn i sealbhú na Gaeilge ó théarma go téarma mar chuid den phlean seo. Déanfar plean faoi leith do gach téarma.

| **Plean don Téarma: Topaicí** | **Téamaí agus Spriocanna Aistear** | **Cad a dhéanfaimid?** | **Áiseanna ag Teastáil** |
|---|---|---|---|
| Mé féin, mo theaghlach, féilte, imeachtaí áitiúla, Lá na Naíonraí, an dúlra | Ceann amháin ar a laghad | Gníomhaíochtaí, foclóir agus frásaí | Ábhair chuí, rainn agus amhráin, leabhair agus scéalta. |
| Suíomh agus gnásanna an naíonra | | Gnásanna, gníomhaíochtaí, foclóir, frásaí; dul chun cinn ó théarma go téarma. | |
| Spéiseanna na leanaí (Le líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn) | | Gníomhaíochtaí, foclóir agus frásaí atá ag teastáil ó na leanaí | Ábhair chuí, rainn agus amhráin, leabhair agus scéalta a fhreagraíonn dá gcuid spéiseanna. |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**Plean Gearrthréimhseach**

Tá sé tábhachtacht bheith solúbtha mar bhainisteoir agus go hiondúil an solúbthacht céanna bheith ar fáil d'fhoireann an naíonra. Léirítear an tábhacht leis seo i gcomhthéacs an plean gearrthréimhse, mar shampla, a bheidh bunaithe ar spéiseanna na leanaí chomh fada agus is féidir. B'fhéidir go dtosófar le topaic a mholfaidh an stiúrthóir ach ó bheith ag breathnú ar

shúgradh na leanaí agus ag éisteacht leo, athróidh an stiúrthóir a plean féin chun spéiseanna na leanaí a thabhairt san áireamh. Mar sin, is féidir leis an bpointe tosaigh teacht ón stiúrthóir nó ó na leanaí. Mar shampla, má bhíonn scéal ag duine de na leanaí faoi leanbh nua sa bhaile, beidh an stiúrthóir in ann caint leis na leanaí faoin leanbh nua agus úsáid a bhaint as na bábóga sa naíonra chun obair a bhunú ar an topaic seo. Beidh sí in ann leabhair a cheannach mura bhfuil cinn sa naíonra cheana féin is rainn is suantraí a chanadh, chomh maith le drámaí a bhunú ar an topaic.

| **Plean gearrthréimhseach**<br>**Obair pleanáilte ag stiúrthóirí** | **Ábhar, Áiseanna, Teanga** | **Téamaí *Aistear* & Caighdeáin *Síolta*** | **Taifead na Foghlama** |
|---|---|---|---|
| Féilte, topaicí, ábhar spéise sa phobal | Bréagáin, fíorábhair, rannta, scéalta, drámaí, caidrimh agus idirghníomhartha (le leanaí, le stiúrthóirí agus le tuismitheoirí), foclóir agus frásaí. | Ceann amháin nó níos mó den na príomhthéamaí, aidhm agus sprioc.<br>Caighdeán *Síolta* agus comhpháirt. | Taifead ar an sult a bhain na leanaí as na heispéiris agus cad a d'fhoghlaim siad. Úsáid a bhaint as grianghraif, taifead foghlama (féach teimpléid thíos) ealaín, eolas ó thuismitheoirí agus léiriú ar thuiscint pháistí aonair ar an nGaeilge, agus na focail, frásaí agus rannta a d'úsáid siad. |
| | | | |
| **Obair molta ag na leanaí** | **Ábhar, áiseanna, teanga** | **Téamaí *Aistear* agus caighdeáin Síolta** | **Taifead na Foghlama** |
| Spéiseanna na leanaí mar a léirigh siad sa súgradh, sa chaint agus sna ceisteanna a d'ardaigh siad | | | |
| | | | |

Is gá taifead a dhéanamh ar gach leanbh go tráthrialta agus eolas cruinn a bhailiú faoi cad a d'fhoghlaim siad chun bheith eolasach ar fhoghlaim na leanaí. Nuair a bheidh an t-eolas seo bailithe, beidh an stiúrthóir in ann tuilleadh oibre a bhunú ar spéiseanna na leanaí ar bhealach a bheidh oiriúnach dá stíl foghlama agus dá staid forbartha.

**TAIFEAD NA FOGHLAMA: TEIMPLÉID**

| | | |
|---|---|---|
| 1. **Féach cad a rinne mé!** Cur síos gearr agus grianghraf nó pictiúr | **Leanbh / Leanaí / Stiúrthóir**<br>**Grianghraf nó Pictiúr** | **Dáta:**<br>**Cur Síos:** |
| 2. **Cad a léiríonn sé seo mar gheall orm?** Cuimhnigh ar mo chuid spéiseanna, mo mhéin (dispositions), mo chuid luachanna agus mo mheon; mo chuid scileanna, eolais agus tuisceana; nasc le téamaí Aistear, aidhmeanna agus spriocanna foghlama. | | |
| 3. **Cad a dhéanfaimid anois chun cabhrú liom breis foghlama a dhéanamh?** Cuimhnigh ar bhealaí spreagúla, spéisiúla chun foghlama. | | |
| 4. **Ba mhaith liom a thaispeáint do mo theaghlach cad is féidir liom a dhéanamh.** Lig dom mo thaifead foghlama a thabhairt abhaile le gur féidir liom é a roinnt le mo theaghlach. Is breá leo breathnú air agus labhairt liom faoi mo chuid foghlama. | **Síniú an Tuismitheora / Caomhnóra:**<br>**Dáta:**<br>**Tuairimí:** | |

**Suimiú**

Cabhróidh pleanáil teanga agus curaclaim go mór leis an mbainisteoir cinntiú go mbeidh taithí luathbhlianta den scoth a chur ar fáil do na leanaí sa naíonra. Is cuid lárnach é sealbhú

na Gaeilge d'obair na naíonraí agus caithfear an sealbhú sin a thabhairt san áireamh sa phleanáil curaclaim. Moltar an obair a phleanáil de réir creatchuraclam *Aistear* agus plean bliana, plean don téarma agus plean gearrthréimhseach a ullmhú. Ina dhiaidh sin, moltar an obair a bhunú ar spéiseanna na leanaí chomh mór agus is féidir. Beidh gá le taifead a choimeád ar fhoghlaim na leanaí agus machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an taifead sin go tráthrialta.

**Foinsí, Áiseanna & Breis Léitheoireachta**

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2014) *Leidbhileoga: Leanaí Óga.* [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Tuismitheoiri/Luath-Oige/Leidbhileoga (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009a) *Ag pleanáil, ag doiciméadú agus ag meas: Uirlisí Úsáide Aistear*. [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas_Luath-%C3%93ige_agus_Bunscoile/Oideachas_Luath-%C3%93ige/Uirlisi_Usaide/Planning-and-documenting.html (Aimsithe ar 16.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009b) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.ncca.biz/Aistear (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009c) *Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework and Síolta, The National Quality Framework for Early Childhood Education Audit: Similarities and differences*. [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Early_Childhood_Education/Aistear_Toolkit/Aistear_Siolta_Similarities_Differences.pdf (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009d) *Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí*. [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.ncca.biz/*Aistear*/pdfs/Guidelines_IRISH/Practitioner_IRISH.pdf (Aimsithe ar 20.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009e) *Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais*. [Ar Líne] Ar fáil ag:

http://www.ncca.biz/*Aistear*/pdfs/Guidelines_IRISH/Practitioner_IRISH.pdf (Aimsithe ar 20.01.15)

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí (2010) *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*. [Ar Líne]. Ar fáil ó: http://www.childrensrights.ie/sites/default/files/submissions_reports/files/UNCRCIrish_0.pdf (Aimsithe ar 13 Nollaig 2014)

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2006). *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta d'Oideachas na Luath-Óige.* [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.siolta.ie/siolta_services_gl.php (Aimsithe ar 04.01.15)

Andrews, A.M. (2006) *Two Windows on the World, Language Immersion Education: A Training Manual for Early Years*. Altram. Béal Feirste, Éire.

Barnardos & Border Counties Childhood Network (2013) *After School: Providing an Inspirational After School Programme of Activities for 4-12 Year Olds*. Barnardos. Baile Átha Cliath, Éire.

Devlin S. & Frost C. (2007) *SárShaothar sa Naíonra*. Forbairt Naíonraí Teo. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland (2014a) *Documenting the Curriculum.* Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland (2014b) *Look Listen Learn.* Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire

Early Childhood Ireland. (2013) *Documenting the Curriculum: Observing, Assessing and Planning with and for Children*. Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland (2011) *Regulation 5: Assessing early childhood services.* Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire.

Forbairt Naíonraí Teoranta (2014) *Súil, Súil Eile: Teimpléid bhreathnóireachta nuachruthaithe ag Forbairt Naíonraí Teoranta trí mheán na Gaeilge do Stiúrthóirí Naíonraí*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Forbairt Naíonraí Teoranta (2006) *Cúnamh: Tacábhar Cúram Leanaí 0-6*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Hayes, N. (2013) *Early Years Practice Getting It Right From The Start*. Gill & Macmillan. Baile Átha Cliath, Éire.

Hickey, T. (2005) *An Luath-Thumoideachas: Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*. lch.10-12. Forbairt Naíonraí Teo. Baile Átha Cliath, Éire.

Hickey., T. (1997) *Early Immersion Education in Ireland: Na Naíonraí*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann. Baile Átha Cliath, Éire.

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath & Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (2010) *Borradh: Scéim Pleanála Teanga don bhliain 2009-10: An Timpeallacht (scéim phíolótach).* [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.comharnaionrai.ie/uploadedfiles/Borradh2.pdf (Aimsithe ar 14.01.15)

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath & Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (2009) *Borradh: Scéim Pleanála Teanga don bhliain 2008-09: Mé Féin (scéim phíolótach).* [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.comharnaionrai.ie/uploadedfiles/Borradh1.pdf (Aimsithe ar 14.01.15)

Limerick City Childcare Committee (2006) *School's Out, A Practice Manual for Providers*. Coiste Cúram Leanaí Chathair Luimnigh. Luimneach, Éire.

Ministry of Education (New Zealand) (1996) *Te Whariki: Early Childhood Curriculum*. Learning Media Ltd. Wellington, Nua Shéalainn.

Moloney, M., Higgins, A., & Ryan, S. (2007) *Voice and Choice.* Mary Immaculate College & Limerick City Childcare Committee. Luimneach, Éire.

Montrul, S. (2008). *Incomplete Acquisition in Bilingualism: Re-examining the Age Factor*. John Benjamins Publishing Company. Amsterdam, An Ísiltír / Philadelphia, SÁM.

National Children's Nurseries Association (NCNA) (2011) *Guiding Childcare Practitioners through Observations, Planning and Reflection.* NCNA. Baile Átha Cliath, Éire.

Ó Buachalla, A. (2005) *Cad is naíonra ann? Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*. lch. 7-9. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Rawdon, Laura (2014) *Súil, Súil Eile...Cluas, Cluas Eile: An Bhreathnóireachta ar Shealbhú na Gaeilge i gComhthéacs Fhorbairt Iomlán an Linbh*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Rawdon, Laura (2015) *Céimeanna Móra: Lámhleabhar Dea-chleachtais*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Tusla (2014) *Early Years Inspection Services: Regulation 5 National Assessment Guide.* [Ar Líne] Ar fáil ag: http://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-pre-school-inspection-services/regulation-5-national-assessment-guide (Aimsithe ar 12.01.15)

Uí Ghrádaigh, D. (eag.) (2006) *Céimeanna Beaga: Cúrsa BunGhaeilge Fheidhmiúil do Stiúrthóirí Naíonra.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Uí Ghrádaigh, D.(eag.) (2005) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Uí Ghrádaigh, D.(eag.) (2004). *Cúnamh: Tacábhar Cúram Leanaí 0-6.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.